Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Iúil 2018**
**(OR. en)**

**11227/18**

**DAPIX 238**
**COMIX 413**
**CRIMORG 103**
**ENFOCUSTOM 160**
**ENFOPOL 388**
**JAI 782**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 16 Iúil 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10550/18 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme "CINNTÍ PRÜM" deich mbliana tar éis a nglactha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí, atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle, a ghlac an Chomhairle ag an 3632ú cruinniú dá cuid ar an 16 Iúil 2018.

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

# MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME "CINNTÍ PRÜM"

# DEICH mBLIANA TAR ÉIS A nGLACTHA

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,**

**Á CHUR I dTREIS AICI** a thábhachtaí atá sé slándáil shaoránaigh an Aontais Eorpaigh a áirithiú trí úsáid iomlán a bhaint as beartais agus uirlisí ábhartha an Aontais Eorpaigh agus tríd an gcomhar idir an tAontas Eorpach agus na Ballstáit a neartú agus a fheabhsú d'fhonn an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí;

**Á THABHAIRT DÁ hAIRE** Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur leis an gcomhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac,[1] agus Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB,[2] lena dtugann na Ballstáit rochtain fhrithpháirteach dá chéile ar na sonraí tagartha ina mbunachair sonraí DNA agus dachtalascópacha agus ar a sonraí clárúcháin feithicle, agus, ag an am céanna, réimse leathan cineálacha comhair a thabhairt dá chéile, lena n-áirítear oibríochtaí comhpháirteacha, patróil chomhpháirteacha agus cúnamh i ndáil le hollchruinnithe, tubaistí agus timpistí tromchúiseacha;

**Á AITHINT DI** gurb é ceann de na príomhthosaíochtaí atá le Straitéis Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020 (ar a dtugtar an "Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí"[3]) aghaidh a thabhairt ar na bagairtí slándála atá ann faoi láthair, go háirithe iad sin a eascraíonn as an sceimhlitheoireacht agus as an gcoireacht thromchúiseach agus eagraithe agus go meastar gur gá úsáid éifeachtach agus éifeachtúil a bhaint as "Cinntí Prüm" chun dlús a chur faoi mhalartú faisnéise, chun comhar trasteorann a dhéanamh i bhforfheidhmiú an dlí, chun muinín fhrithpháirteach a mhéadú agus chun tacú le coireacht thromchúiseach a réiteach agus imscrúduithe sceimhlitheoireachta a dhéanamh;

[1] IO L 210, 6.8.2008, lch. 1
[2] IO L 210, 6.8.2008, lch. 12
[3] 9798/15

**Á DHEARBHÚ DI** an gá atá le malartú níos fearr faisnéise, go háirithe ar bhonn phrionsabail na hinfhaighteachta agus na rochtana comhionainne, idir údaráis na mBallstát atá freagrach as coireacht a chosc agus as cionta coiriúla a imscrúdú, agus a bheith ar an eolas gur ghá do na Ballstáit oibriú níos fearr chun dul i ngleic le bagairtí trasteorann agus na freagrachtaí náisiúnta á n-urramú acu ag an am céanna;

**DE BHRÍ** gur gá don Aontas Eorpach a bheith níos láidre sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus is é ceann de na cuspóirí atá le "Cinntí Prüm" cionta sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac trí bhíthin sonraí a mhalartú go héifeachtach;

**Á MHEABHRÚ DI** na Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme "Chinntí Prüm" a threisiú i ndiaidh spriocdháta an 26 Lúnasa 2011[4], na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSamhail Eorpach um Malartú Faisnéise (EIXM)[5], an Treochlár chun feabhas a chur ar mhalartú faisnéise agus ar bhainistiú faisnéise lena n-áirítear réitigh idir-inoibritheachta sa réimse a bhaineann le Ceartas agus Gnóthaí Baile[6] agus an Clár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil[7];

**AG FÉACHAINT DON MHÉID SEO A LEANAS:**

- na comhaontuithe a thabharfar i gcrích go luath idir an tAontas Eorpach, ar thaobh amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin, ar an taobh eile, maidir le cur i bhfeidhm forálacha áirithe de "Chinntí Prüm";
- an comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn agus an Iorua maidir le cur i bhfeidhm forálacha áirithe de "Chinntí Prüm";

**Á CHUR I dTREIS AICI** gur gá cuardach agus comparáid uathoibrithe a dhéanamh ar phróifílí DNA, ar shonraí dachtalascópacha agus ar shonraí cláraithe feithiclí, cineálacha eile comhair a dhéanamh (oibríochtaí comhpháirteacha, patróil chomhpháirteacha agus cúnamh i ndáil le hollchruinnithe, tubaistí agus timpistí tromchúiseacha), chun dul i ngleic leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann;

---

[4] 17762/11
[5] 9811/13
[6] 7931/1/18 REV 1
[7] COM 2015 185/F1

**Á THABHAIRT DÁ hAIRE** a thábhachtaí atá sonraí fóiréinseacha d'ardcháilíocht atá le malartú idir na Ballstáit agus go bhfuil sé mar aidhm leis an "bplean gníomhaíochta maidir leis an mbealach chun cinn i dtaca le limistéar Eorpach eolaíochta fóiréinsí (EFSA)"[8] feabhas a chur ar chur chun feidhme mhalartú uathoibríoch sonraí Prüm agus tacú leis i ndáil leis an méid sin;

**IS DÍOL SÁSAIMH DI** na hiarrachtaí a rinne an Coimisiún Eorpach chun tacú le cur chun feidhme "Chinntí Prüm" agus an dul chun cinn mór atá déanta ag na Ballstáit ó cuireadh tús leis an bpróiseas;

**Á AITHINT AICI:**

- faoin gcéad leath de 2018, bhí 24 Bhallstát oibríochtúil ó thaobh sonraí a mhalartú go huathoibríoch maidir le DNA, 24 Bhallstát oibríochtúil i ndáil le sonraí dachtalascópacha a mhalartú, agus 24 cinn acu maidir le sonraí cláraithe feithiclí a mhalartú, agus
- go bhfuil líon suntasach nasc déthaobhach bunaithe idir na Ballstáit oibríochtúla;

**Á CHUR I dTREIS AICI:**

- gur cheart cur chun feidhme Chaibidil 2 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle a chur i gcrích a luaithe is féidir;
- a thábhachtaí atá na tograí ón gCoimisiún maidir le hidir-inoibritheacht agus "Cinntí Prüm" d'fhonn léargas foriomlán a fháil ar an rochtain láraithe agus díláraithe ar fhaisnéis laistigh den Aontas Eorpach;

**IARRANN SÍ** ar na Ballstáit sin nach bhfuil oibríochtúil go fóill faoi Chaibidil 2 thuasluaite tús a chur, a luaithe is féidir, leis na nósanna imeachta meastóireachta gan déanamh;

[8] 8770/16

**IARRANN SÍ** an méid seo a leanas ar na Ballstáit atá oibríochtúil faoi Chaibidil 2 thuasluaite:

- leanúint den nascacht oibríochtúil a fhorbairt eatarthu féin maidir le comhaid DNA, sonraí dachtalascópacha agus sonraí clárúcháin feithicle a mhalartú go huathoibríoch;
- úsáid níos rialta a bhaint as na huirlisí uile a chuirtear ar fáil le "Cinntí Prüm" chun sonraí a mhalartú go huathoibríoch agus le haghaidh cineálacha eile comhair;
- feabhas a chur ar chomhroinnt faisnéise le Europol laistigh de theorainneacha a inniúlachtaí agus ar mhaithe lena chúraimí a chomhlíonadh;
- iarraidh ar ghrúpaí saineolaithe DAPIX meastóireacht a dhéanamh ar shreabhadh oibre Prüm chun dlús a chur leis an malartú leantach faisnéise agus aird chuí á tabhairt ar reachtaíocht eile de chuid an Aontais (e.g. i gcomhréir le Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle (Tionscnamh Sualannach));
- iarraidh ar ghrúpaí saineolaithe DAPIX meastóireacht a dhéanamh ar shreabhadh oibre Prüm i dtaca le tuilleadh forbairtí, agus aird á tabhairt ar theicneolaíochtaí nua bithmhéadracha a d'fhéadfadh teacht chun cinn, e.g. córais aghaidh-aitheanta;
- raon "Chinntí Prüm" a chur chun cinn agus leanúint d'eolas ar an ábhar a chur ar na húdaráis inniúla náisiúnta ábhartha atá rannpháirteach i gcomhar trasteorann, ní hamháin ó thaobh coireacht a chomhrac ach ó thaobh coireacht a chosc freisin;
- na hionstraimí a chur chun feidhme ina n-iomláine bunaithe ar fhorálacha Chaibidil 5 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle agus féachaint ar na deiseanna cur leis an gcomhar trasteorann;

**IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún Eorpach na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit trí chistiú a chur ar fáil chun "Cinntí Prüm" a chur chun feidhme faoi na cláir náisiúnta faoi chuimsiú na Ciste Slándála Inmheánaí – Póilíní;
- smaoineamh ar leasú a dhéanamh ar Chinneadh 2008/615/CGB agus ar Chinneadh 2008/616/CGB tar éis do gach Ballstát iad a chur chun feidhme go hiomlán agus é mar aidhm raon feidhme na gCinntí a leathnú agus, chun na críche sin, na ceanglais theicniúla agus dhlíthiúla is gá a thabhairt cothrom le dáta;

**IARRANN SÍ** ar Europol an méid seo a leanas a dhéanamh:

- tacú le malartú faisnéise na mBallstát tar éis amas Prüm DNA/FP/VRD agus leanúint d'ardán a chur ar fáil do shaineolaithe de chuid na mBallstát chun taithí agus dea-chleachtais maidir le Prüm a chomhroinnt (ardán EPE);
- féachaint an bhféadfaí éirí ina chomhpháirtí de chreat Prüm ionas go bhféadfar sonraí DNA agus sonraí dachtalascópacha a chrosmheaitseáil le tríú tíortha, lena bhfuil comhaontú oibríochtúil ag Europol, agus prionsabal úinéara na sonraí a chur san áireamh go hiomlán[9];

**IARRANN SÍ** ar na hUachtaránachtaí a bheidh ann amach anseo an méid seo a leanas a dhéanamh:

- leanúint de chur chun feidhme "Chinntí Prüm" a spreagadh ionas go mbainfí leas iomlán as raon na hionstraime ríthábhachtaí sin i dtaca le comhar trasteorann i bhforfheidhmiú an dlí.

---

[9] 6724/18